*Uimhir* 12 *de* 2018

# An tAcht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

*Uimhir* 12 *de* 2018

**AN tACHT UM CHARTLANN NÁISIÚNTA (LEASÚ), 2018**

[*An tiontú oifigiúil*]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt


1. Mínithe
2. Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht
3. Taifid iomchuí
4. Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht
5. Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht
6. Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht
7. Gearrtheideal agus tosach feidhme

An tAcht dá dTagraítear

An tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986 (Uimh. 11)

*Uimhir* 12 *de* 2018

# AN tACHT UM CHARTLANN NÁISIÚNTA (LEASÚ), 2018

[*An tiontú oifigiúil*]

Acht do leathnú socrú i ndáil le taifid Roinne a dhlitear a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta agus, chun na críche sin, do leasú an Achta um Chartlann Náisiúnta, 1986; agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [14 *Iúil* 2018]

**Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:**

### Mínithe

**1.** San Acht seo—

ciallaíonn "Aire" an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta;

ciallaíonn "Príomh-Acht" an tAcht um Chartlann Náisiúnta, 1986.

### Leasú ar alt 1 den Phríomh-Acht

**2.** Leasaítear alt 1 den Phríomh-Acht trí na mínithe seo a leanas a chur isteach:

"ciallaíonn 'Aire' an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta;

tá le 'taifid iomchuí' an bhrí a shanntar dó le halt 2A (a chuirtear isteach le *halt 3* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*).".

### Taifid iomchuí

**3.** Leasaítear an Príomh-Acht tríd an alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh alt 2:

**"2A.** (1) Faoi réir fho-alt (2), chun críocha an Achta seo, is é atá i dtaifid iomchuí ná taifid Roinne—

(a) atá níos sine ná 30 bliain, nó

(b) atá faoi bhun 30 bliain d'aois ach níos sine ná 20 bliain agus ar i ndáil leo a rinneadh ordú faoi alt 8(1A) (a chuirtear isteach le *halt 4(b)* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*).

(2) I gcás go ndéanfaidh an tAire ordú faoi alt 8(1B) (a chuirtear isteach le *halt 4(c)* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*), is é atá i dtaifid iomchuí ná na taifid Roinne go léir atá níos sine ná 20 bliain.".

**Leasú ar alt 8 den Phríomh-Acht**

**4.** Leasaítear alt 8 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1), trí "Maidir le taifid iomchuí" a chur in ionad "Maidir le taifid Roinne atá níos sine ná 30 bliain agus",

(b) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1):

"(1A) (a) Féadfaidh an tAire, ar bheith deimhin dó nó di i dtaobh na nithe dá dtagraítear i mír (b)—

(i) tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir, agus

(ii) le toiliú na ndaoine seo a leanas—

(I) an Taoiseach,

(II) an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, agus

(III) seachas i gcás gur taifid de chuid na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta iad na taifid lena mbaineann, an comhalta iomchuí den Rialtas,

ordú a dhéanamh lena gceanglaítear aicme nó aicmí de thaifid Roinne, atá faoi bhun 30 bliain d'aois ach atá níos sine ná 20 bliain, a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta de réir an Achta seo.

(b) Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh faoin bhfo-alt seo i gcás gur deimhin leis nó léi—

(i) (I) gur díol spéise suntasach iad na taifid lena mbaineann ó thaobh na staire de nó i measc an phobail a fhágann gur ceart iad a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta, nó

(II) go ndéanfar tuairisciú cothrom cóir ar nithe lena mbaineann comhleas don Stát agus do dhlínsí eile a éascú má aistrítear na taifid lena mbaineann go dtí an Chartlann Náisiúnta,

agus

(ii) go bhfuil na socruithe don aistriú sin leordhóthanach.

(c) Déanfar gach ordú faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin, ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.

(d) I mír (a), ciallaíonn "comhalta iomchuí den Rialtas", i ndáil le haicme nó aicmí de thaifid Roinne a bheidh sonraithe in ordú a bheidh le déanamh faoin mír sin—

(i) an comhalta den Rialtas ar a bhfuil freagracht as an Roinn Stáit ina ndearnadh an aicme nó na haicmí de thaifid Roinne lena mbaineann, nó

(ii) i gcás go mbeidh na taifid Roinne den aicme nó de na haicmí a bheidh sonraithe san ordú a bheidh le déanamh i seilbh Roinn eile den sórt sin, an comhalta den Rialtas ar a bhfuil freagracht as an Roinn eile sin.”,

(c) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1A) (a chuirtear isteach le *halt 4(b)* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*):

“(1B) (a) Féadfaidh an tAire—

(i) tar éis dó nó di dul i gcomhairle leis an Stiúrthóir, agus

(ii) le toiliú an Taoisigh agus an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe,

lá a cheapadh, le hordú, mar an lá ar le héifeacht uaidh a bheidh na taifid Roinne go léir atá níos sine ná 20 bliain le haistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta de réir an Achta seo.

(b) Féadfaidh an tAire ordú a dhéanamh faoin bhfo-alt seo i gcás gur deimhin leis nó léi go bhfuil na socruithe chun na taifid Roinne go léir atá níos sine ná 20 bliain a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta leordhóthanach.

(c) Déanfar ordú faoin bhfo-alt seo a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas a luaithe is féidir tar éis a dhéanta agus má dhéanann ceachtar Teach acu sin, laistigh den 21 lá a shuífidh an Teach sin tar éis an t-ordú a leagan faoina bhráid, rún a rith ag neamhniú an ordaithe, beidh an t-ordú ar neamhní dá réir sin ach sin gan dochar do bhailíocht aon ní a rinneadh roimhe sin faoin ordú.”,

(d) tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur isteach i ndiaidh fho-alt (1B) (a chuirtear isteach le *halt 4(c)* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*):

“(1C) Ní cheanglófar le haon ní i bhfo-alt (1) ar Roinn Stáit taifid iomchuí a aistriú go dtí an Chartlann Náisiúnta i gcás gur aistríodh na taifid sin roimhe sin go dtí an Chartlann Náisiúnta de réir an Achta seo.”,

(e) i bhfo-alt (2), trí “taifid iomchuí áirithe, nó aicme nó aicmí áirithe de thaifid iomchuí, is taifid a fhorordaítear de réir fho-alt (11), atá sonraithe” a chur in ionad “taifead Roinne áirithe, nó aicme nó aicmí áirithe de thaifid Roinne a fhorordaítear de réir fho-alt (11), atá níos sine ná 30 bliain agus atá sonraithe”,

(f) i bhfo-alt (3), trí “taifid iomchuí áirithe, nó aicme nó aicmí áirithe de thaifid iomchuí, atá sonraithe” a chur in ionad “taifid Roinne áirithe (nó aicme nó aicmí de na taifid sin) atá níos sine ná 30 bliain agus atá sonraithe”,

(g) i bhfo-alt (4), trí “i ndáil le taifid iomchuí áirithe, nó le haicme nó aicmí áirithe de thaifid iomchuí, is taifid a fhorordaítear de réir fho-alt (11), atá sonraithe” a chur in ionad “i ndáil le taifid Roinne áirithe, nó le haicme nó aicmí de thaifid

Roinne áirithe a fhorordaítear de réir fho-alt (11), atá níos sine ná 30 bliain agus atá sonraithe”,

(h) i bhfo-alt (5), trí “taifid iomchuí” a chur in ionad “taifid Roinne”,

(i) i bhfo-alt (6), trí “taifid iomchuí” a chur in ionad “taifid Roinne”,

(j) i bhfo-alt (7), trí “taifid Roinne nach taifid iomchuí” a chur isteach in ionad “taifid Roinne atá faoi bhun 30 bliain d’aois”, agus

(k) i bhfo-alt (8), trí “le haon aicme de thaifid Roinne, seachas aicme de thaifid Roinne dá dtagraítear in alt 2A(1)(b) nó 2A(2) (a gcuirtear gach ceann díobh isteach le *halt 3* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*),” a chur in ionad “le haon aicme nó grúpa de thaifid Roinne”.

**Leasú ar alt 10 den Phríomh-Acht**

**5.** Leasaítear alt 10 den Phríomh-Acht—

(a) i bhfo-alt (1)(a), trí “ar thaifid Roinne a bhí iontu tráth (seachas doiciméid chúirte nó doiciméid thiomnaithe) nach taifid iomchuí iad” a chur in ionad “ar thaifid Roinne a bhí iontu tráth (seachas doiciméid chúirte nó doiciméid thiomnaithe) agus atá faoi bhun 30 bliain d’aois”,

(b) i bhfo-alt (5), tríd an méid seo a leanas a chur in ionad “Cairteanna ar thaifid Roinne a bhí iontu tráth agus nach raibh fáil orthu lena n-iniúchadh ag an bpobal le breis is 30 bliain, déanfaidh oifigeach don Roinn Stáit lena mbaineann, a bheidh údaraithe chun na críche sin, iad a athbhreithniú”:

> “Cairteanna ar thaifid Roinne a bhí iontu tráth agus nach raibh fáil orthu lena n-iniúchadh ag an bpobal—
>
> (a) i gcás taifid Roinne—
>
> (i) dá dtagraítear in alt 2A(1)(a) (a chuirtear isteach le *halt 3* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*), le breis is 30 bliain, nó
>
> (ii) dá dtagraítear in alt 2A(1)(b) (a chuirtear isteach le *halt 3* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*), le breis is 20 bliain,
>
> nó
>
> (b) i gcás taifid Roinne dá dtagraítear in alt 2A(2) (a chuirtear isteach le *halt 3* den *Acht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018*), le breis is 20 bliain,
>
> déanfaidh oifigeach don Roinn Stáit lena mbaineann, a bheidh údaraithe chun na críche sin, iad a athbhreithniú”.

agus

(c) trí fho-alt (6) a scriosadh.

**Leasú ar alt 11 den Phríomh-Acht**

**6.** Leasaítear alt 11 den Phríomh-Acht trí "taifid iomchuí atá fós" a chur in ionad "taifid Roinne atá níos sine ná 30 bliain agus atá fós".

**Gearrtheideal agus tosach feidhme**

**7.** (1) Féadfar an tAcht um Chartlann Náisiúnta (Leasú), 2018 a ghairm den Acht seo.

(2) Tiocfaidh an tAcht seo i ngníomh cibé lá nó laethanta a cheapfaidh an tAire le hordú nó le horduithe i gcoitinne nó faoi threoir aon chríoch nó foráil áirithe, agus féadfar laethanta éagsúla a cheapadh amhlaidh chun críoch éagsúil nó le haghaidh forálacha éagsúla.

BAILE ÁTHA CLIATH
ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR
Le ceannach díreach ó
FOILSEACHÁIN RIALTAIS,
BÓTHAR BHAILE UÍ BHEOLÁIN, CILL MHAIGHNEANN,
BAILE ÁTHA CLIATH 8, D08 XAO6.
Teil: 046 942 3100
r-phost: publications@opw.ie
nó trí aon díoltóir leabhar.

DUBLIN
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE
To be purchased from
GOVERNMENT PUBLICATIONS,
MOUNTSHANNON ROAD, KILMAINHAM,
DUBLIN, D08 XAO6.
Tel: 046 942 3100
Email: publications@opw.ie
or through any bookseller.

€1.27

Wt. —. 42. 7/23. Essentra. (92305). Gr.30-15.

9 781399 302500